

## **Eighteenth-Century Ireland Society Cumann Éire san Ochtú Céad Déag**

### **Bunreacht**

Mar a dearbhaíodh agus a leasaíodh ag Cruinnithe Cinn Bhliana den Chumann sna blianta 1986, 1994, 2004 mar aon le leasuithe molta 2005

Is sa dá theanga oibre ag Eighteenth-Century Ireland Society/Cumann Éire san Ochtú Céad Déag, viz. Béarla agus Gaeilge, atá an bunreacht seo scríofa agus tá combhailíocht agus comhéifeacht ag an dá leagan.

#### **1. Teideal**

Is é an teideal atá ar an gcumann ná The Eighteenth-Century Ireland Society/Cumann Éire san Ochtú Céad Déag.

#### **2. Cuspóirí**

Is é cuspóir an chumainn ná staidéar agus taighde i ngach gné den saol in Éirinn san ochtú céad déag a chur chun cinn. Cuireann an cumann roimhe comhdháil bhliantúil a eagrú agus imeachtaí eile ar nós staidéar agus taighde breise a chur sa siúl.

#### **3. Teangacha**

Is iad an Béarla agus an Ghaeilge an dá theanga oibre atá ag an gcumann agus beidh combhailíocht lena chéile acu i ngach cumarsáid ar pár nó ó bhéal taobh istigh den chumann nó ag comhdhálacha dá chuid. Is trí mheán cáipéise, facts, nó ríomhphoist a bheas cumarsáid ar pár. Déanfar cumarsáid ó bhéal i bpearsa nó ar an nguthán.

#### **4. Comhcheangal**

Is mian leis an gcumann comhcheangal a lorg le heagrais eile a bhfuil aidhmeanna amhail a chuid féin acu agus tugtar cuireadh d'eagrais dá leithéid comhcheangal a lorg leis an gcumann.

#### **5. Ballraíocht**

Seoltar iarratais ar bhallraíocht chuig an rúnaí (mar a shainmhínítear in Alt 8 (a) thíos é); fágtar toghadh chun ballraíochta faoi dhiscreíd an choiste amháin (mar a shainmhínítear in Alt 8 (b agus c) thíos é).

#### **6. Cineálacha Ballraíochta**

Eagraítear ballraíocht an chumainn sna catagóirí seo a leanas:

- (a) Gnáthbhallraíocht (e.g. daoine aonair)
- (b) Ballraíocht chorparáideach (e.g. institiúidí, leabharlanna, foilsitheoirí, mangairí leabhar nó déantán eile, cumainn, gnólachtaí)
- (c) Mic léinn/daoine ar scor/daoine gan tuarastal

#### **7. Síntiúis**

Is é an coiste a shocróidh an síntiús bliantúil ó am go chéile i leith gach cineál ballraíochta. Tá an chumhacht ag an gcoiste síntiúis laghdaithe a cheadú do bhaill atá ar scor ó ghnáthdualgais ghairmiúla, do bhaill atá gan tuarastal, do mhic léinn fochéime agus do chéimithe atá i mbun staidéir lánaimseartha le haghaidh iarchéime. Ní mór laghduithe eile a cheadú ag an gCruinniú Cinn Bhliana.

Beidh síntiúis le híoc ar lú Eanáir gach bliain agus is féidir leis an gcoiste, tar éis rabhadh a thabhairt, ballraíocht baill ar bith a bhfuil riaráistí níos mó ná trí mhí air/uirthi a chur ar ceal gan a thuilleadh fógra a thabhairt dó/di.

#### 8. An Coiste agus na hOifigigh

- (a) Is iad an t-uachtarán, an rúnaí agus an cisteoir oifigigh an chumainn. Togfar ag an gCruinniú Cinn Bhliana gach tríú bliain iad agus mairfidh a dtréimhse oifige trí bliana. Is féidir indibhidí a atoghadh.
- (b) Is é an coiste a eagróidh gnóthaí feidhmiúcháin an chumainn. Is iad seo a leanas baill an choiste: an t-uachtarán, an rúnaí, an cisteoir, an t-iaruachtarán deiridh, eagarthóir(i) na hirise agus seisear ball cumainn eile a thogfar ag an gCruinniú Cinn Bhliana gach tríú bliain, agus mairfidh a dtréimhse oifige trí bliana. Is féidir indibhidí a atoghadh.
- (c) Is féidir leis an gcoiste seisear ball breise ag an am a chomhthoghadh as measc bhaill an chumainn le haghaidh comhairliúcháin nó sainchúraimí ar feadh tréimhse socraithe nach faide ná trí bliana. Is féidir indibhidí a athroghnú.
- (d) Glacfar leis go bhfuil baill choiste nach bhfreastalaíonn, gan mhíniú, ar aon chruinniú coiste idir Cruinnithe Cinn Bhliana tar éis tarraingt siar dá ndeoin féin as an gcoiste.
- (e) Is féidir leis an gcoiste aon fholúntas fánach i measc na n-oifigeach nó bhaill an choiste a líonadh ar feadh na tréimhse atá fágtha ag an mball atá i gceist.
- (f) Is féidir leis an gcoiste ionadaithe as measc na mball a ainmniú thar ceann an chumainn le haghaidh sainchúraimí ar feadh tréimhse socraithe nach faide ná trí bliana. Is féidir indibhidí a athroghnú.

#### 9. An Cisteoir

Is é dualgas an chisteora cuntais chearta shásúla a choimeád agus cuirfidh sé/sí cuntais lánreatha ar fáil ag gach Cruinniú Cinn Bhliana.

#### 10. An iris *Eighteenth-Century Ireland: iris an dá chultúr*

- (a) Is le Cumann Éire san Ochtú Céad Déag an iris *Eighteenth-Century Ireland: iris an dá chultúr* mar aon le gach ceart agus freagracht dá leanann.
- (b) Is iris ildisciplíneach é *Eighteenth-Century Ireland: iris an dá chultúr*. Glacfar le haistí i nGaeilge nó i mBéarla.
- (c) Is é an coiste a cheapfaidh eagarthóir(i) na hirise.
- (d) Ceapfar an t-eagarthóir/na heagarthóirí ar feadh téarma cúig bliana de ghnáth, agus is féidir an ceapachán a athnuachan ar feadh téarma eile nó cuid de théarma eile.
- (e) Is féidir leis an gcoiste téarma an eagarthóra/na n-eagarthóirí a scor má cheadaíonn dhá dtrian de na baill choiste go léir a leithéid ag cruinniú speisialta a thionólfar dá chionn sin. Sa chás go molfar a leithéid, tabharfar deis don eagarthóir/do na heagarthóirí a c(h)ás/a gcás a chur os comhair an choiste ag cruinniú a thionólfar ceithre seachtaine ar a laghad roimh an gcruinniú ag a ndéanfar an cinneadh é/i/iad a choinneáil nó a bhriseadh as oifig.
- (f) Tabharfaidh an t-eagarthóir/na heagarthóirí tuairisc rialta don choiste ar na hullmhúcháin atá á ndéanamh d'eagraín den iris atá le teacht.
- (g) Seolfar aistí le haghaidh na hirise chuig scoláirí aitheanta chun go gcuirfear tuairisc léitheora ar fáil orthu sula bhfoilseofar iad.
- (h) Roghnóidh an t-eagarthóir/na heagarthóirí ábhar gach imleabhair agus beidh sé/sí/siad freagrach as é a sheoladh tríd an bpreas.

- (i) Ceadáítear don eagarthóir/do na heagarthóirí cúnamh le réiteach na hirise a lorg ar bhaill an choiste.
- (j) Déanfaidh an t-eagarthóir/na heagarthóirí gach iarracht an t-eagrán cuí den iris a fhoilsiú i rith na bliana féilire a bhfuil sé luaite léi.

#### 11. An Cruinniú Cinn Bhliana

Tionólfar Cruinniú Cinn Bhliana an chumainn gach bliain agus ní cheadáítear bearna níos faide ná cúig mhí dhéag idir Cruinniú Cinn Bhliana agus a chéile. Déanfar an gnó seo a leanas ag an gCruinniú Cinn Bhliana.

- (a) Cuirfear na cuntais i láthair agus (má ghlactar leo) ceadófar iad.
- (b) Toghfar an t-uachtarán, an rúnaí, an cisteoir agus baill an choiste as measc ghnáthbhaill an chumainn, gach tríú bliain amháin, mar a léirítear in Alt 8 thuas. Caithfear ainmniúcháin i scríbhinn i gcomhair thoghadh na n-oifigeach agus bhaill an choiste a bheith i seilbh an rúnaí seacht lá, ar a laghad, roimh an gCruinniú Cinn Bhliana. Sa chás nach bhfaighfear ach an mionlíon ainmniúcháin le haghaidh oifige nó suíocháin ar leith ar an gcoiste, measfar an duine/na daoine a ainmneofar a bheith tofa. Sa chás nach bhfaightear ainmniúcháin, glacfar le hainmniúcháin ón urlár ag an gCruinniú Cinn Bhliana. I gcás gach ainmniúcháin i scríbhinn, ba chóir go mbeadh ráiteas sínithe ag an ainmní leis, ina léireoidh an t-ainmní go bhfuil sé/sí sásta seasamh. I gcás ainmniúcháin a dhéanfar ag Cruinniú Cinn Bhliana, caithfidh an t-ainmní bheith i láthair agus ní mór dó/di a léiriú go bhfuil sé/sí sásta seasamh. (Sainmhínítear toghadh na n-oifigeach agus bhaill an choiste in Alt 8.)
- (c) Pléifear aon ghnó eile a chuirtear in iúl roimh ré don rúnaí.

#### 12. Cruinniú Ginearálta Urghnách

Fógróidh an rúnaí Cruinniú Ginearálta Urghnách má iarrann líon nach lú ná tríocha ball den chumann a leithéid i scríbhinn le haghaidh gnó ar leith. Tionólfar a leithéid de chruinniú taobh istigh de thréimhse dhá lá daichead tar éis don rúnaí an t-iarratas a fháil agus cuirfear tréimhse fógra nach giorra ná aon lá fichead dá leithéid de chruinniú ar fáil ag baill uile an chumainn.

#### 13. Vótáil

Ní bheidh cead ach ag baill a bhfuil a síntiús íoctha acu agus atá i láthair vótáil ag Cruinnithe Ginearálta den chumann. Is é a bheas i gceist le vótáil i dtoghcháin ná vóta aonair neamh-inaistrithe. Is leor móramh lom chun go n-éireoidh le vóta ar bith (seachas mar a léirítear in Ailt 16 agus 17).

#### 14. An tUachtarán

Is é uachtarán an chumainn a bheas i gceannas ar gach cruinniú den choiste agus ar gach Cruinniú Ginearálta den chumann, agus sa chás go bhfuil comhlíon vótaí ann, beidh an dara vóta nó an vóta réitigh aige/aici. Mura bhfuil sé/sí i láthair taobh istigh de chúig nóiméad déag tar éis an ama a luadh leis an gcruinniú, nó má tá sé/sí tar éis a chur in iúl nach féidir leis/léi bheith i láthair ag an gcruinniú, roghnóidh na baill atá i láthair duine as a measc féin le dul i gceannas ar an gcruinniú ina (h)áit. Tá cead ag an uachtarán iarraidh ar bhall ar bith eile den choiste nó den chumann feidhmiú thar a c(h)eann mar chathaoirleach ar aon chuid de chruinniú atá le réachtáil i gceann de theangacha oibre an chumainn murar leor a c(h)uid eolais féin ar an teanga chun gur féidir leis/léi dul i mbun a c(h)uid dualgas go compordach. I gcásanna den sórt sin, cuirfear achoimre den ghnó a

pléadh faoi stiúir an ionadaí ar fáil d'uachtarán an chumainn sula rachaidh sé/sí i gceannas ar an gcruinniú arís, agus déanfar an achoimre a thairfeadh sna miontuairiscí.

#### 15. Taifid

- (a) Is é dualgas an rúnaí é miontuairiscí chruinnithe uile an chumainn agus an choiste a thairfeadh agus a sheachadadh de réir mar is cuí. Is sa teanga ina reáchtáiltear an cruinniú a dhéanfar na miontuairiscí a scríobh agus cuirfear achoimre sa teanga chéanna sin ar fáil d'imeachtaí ar bith a reáchtáiltear sa teanga oibre eile. Déanfar rúin agus ceisteanna substainteacha eile a aistriú chomh cruinn agus is féidir ó theanga go chéile am ar bith a measann oifigeach de chuid an chumainn gur gá a leithéid a dhéanamh.
- (b) Is féidir leis an gcoiste cartlannaí as measc a bhall féin a cheapadh chun taifid an chumainn a choimeád agus a chaomhnú.

#### 16. Leasuithe

Faoi réir Alt 11 i gcónaí, is féidir le móramh dhá dtrian de na baill vótála na hailt seo a leasú ag Cruinniú Ginearálta. Ba chóir go dtabharfaí tréimhse fógra nach giorra ná aon lá fichead do na baill i dtaca le haon leasú a mholtar.

#### 17. Díscaoileadh

Má shocraíonn an coiste ag am ar bith go bhfuil sé inmholta an cumann a dhíscaoileadh, fógróidh sé Cruinniú Ginearálta Urghnách agus tabharfaidh sé tréimhse fógra nach giorra ná aon lá fichead i scríbhinn do bhaill uile an chumainn. Ba chóir go míneodh an coiste go cruinn san fhógra an fáth a bhfuil an cruinniú le tionól. Má dhéanann móramh dhá dtrian de na baill vótála ag an gCruinniú Ginearálta Urghnách cinneadh an choiste an cumann a dhíscaoileadh a dheimhniú, beidh an chumhacht ag an gcoiste sócmhainní ar bith atá ag an gcumann nó ar seilbh in ainm an chumainn a dhiúscairt, a fhad agus a fhéachtar chuige go gcuirfear sócmhainní ar bith atá fágtha i ndiaidh fiacha agus dliteanais iomchuí a ghlanadh (faoi réir Alt 18) chun críche na gcuspóirí a chinnfidh an coiste.

#### 18. Rún carthanais

I ndiaidh ábhar an bhunreachta seo is uile, fógraítear leis seo gur le haghaidh aidhmeanna carthanais amháin a bunaíodh an cumann agus nach mbainfear leas, i gcás ar bith, as ciste ná as sócmhainní ar bith de chuid an chumainn ar son aidhmeanna neamhcharthanais.